

[08_02.mp3](#)

Bileog 8.2

Comhrá 1 – ar an ghuthán

Cara: Haigh a Chiara, cad é mar atá tú?

Ciara: Go maith, agus tú féin?

Cara: Tá mé go hiontach go raibh maith agat.

Ciara: Tá mo bhreithlá ann an tseachtain seo chugainn agus tá grúpa againn ag casadh le chéile i dTigh Uí Néill oíche Dé hAoine. Ar mhaith leat deoch a ól linn?

Cara: Ba bhreá liom. Feicfidh mé ansin tú.

Comhrá 2 – ar an ghuthán

Ciara: An bhfuil tú saor oíche Dé hAoine? Ar mhaith leat deoch a ól liom do mo bhreithlá?

Cara: Oíche Dé hAoine, fan go gcífidh mé, ba bhreá liom ach tá mé ag tabhairt aire do pháistí mo dheirféar an oíche sin.

Ciara: Á, is mór an trua é sin.

Comhrá 3 – ar an ghuthán

Cara: A Chiara, an bhfuil tú go maith?

Ciara: Go hiontach. Tá mé ag cur glao ort le fáil amach an bhfuil tú saor Dé hAoine seo chugainn. Tá cúpla duine de mo chuid cairde ag teacht le chéile do mo bhreithlá.

Cara: Tá brón orm a Chiara, ach tá cuairteoirí ó Mheiriceá agam le haghaidh an deireadh seachtaine. Ní féidir liom iad a fhágáil leo féin.

Ciara: Ó. Tá sé sin go breá, a Sheáin. Tuigim. Am éigin eile mar sin.

Cara: Tá brón orm arís, a Chiara.

Comhrá 4 – ar an ghuthán

Cara: Dia duit, a Chiara.

Ciara: Dia is Muire duit, a Phóilín. An bhfuil tú go maith?

Cara: Tá mé go breá, go raibh maith agat.

Ciara: Tá mo bhreithlá ann an tseachtain seo chugainn agus tá cúpla cara liom ag casadh le chéile i dTigh Uí Néill oíche Dé hAoine. Ar mhaith leat deoch a ól linn?

Cara: Ba mhaith. Ba mhaith cinnte. Tá mé ag obair go dtí a naoi a chlog áfach, ach beidh mé libh go luath ina dhiaidh sin.

[08_03.mp3](#)

Bileog 8.3

Freastalaí: Dia duit, Óstán na Rí.

- Pól: Dia is Muire duit. Ba mhaith liom bord a chur in áirithe don Déardaoin seo chugainn, an ceathrú lá déag. An bhfuil aon spás agaibh?
- Freastalaí: Cé mhéad duine atá i gceist agat?
- Pól: Beidh ochtar ann uilig.
- Freastalaí: Ochtar, fan go bhfeicfidh mé, tá tábla ann ag leathuair tar éis a sé nó ag a naoi a chlog!
- Pól: Em, agus níl aon rud idir a seacht agus a hocht a chlog?
- Freastalaí: Níl, tá brón orm. Sin a bhfuil againn.
- Pól: Déanfaidh sé cúis. Cuirfidh mé bord in áirithe don naoi a chlog mar sin. Is féidir linn deoch a bheith againn roimh ré.
- Freastalaí: Ar fheabhas. Cén uimhir theileafóin atá agat?
- Pól: 01 8743299
- Freastalaí: Feicfidh mé Déardaoin sibh. Slán.
- Pól: Slán go fóill.

[08_07.mp3](#)

Bileog 8.7

- Clár: Abair liom conas a bhí oíche do bhreithlae?
- Ciara: Ó a Chlár, bhí oíche iontach ar fad agam. Tá a fhios agat gur bhuaileamar ar fad le chéile i dTigh Uí Néill. Bhí an chraic go hiontach ar fad ansin. Ní féidir liom an rud céanna a rá faoin mbialann áfach.
- Clár: Cad ina thaobh? Cad a tharla?
- Ciara: Ok, bhíomar saghas déanach ag dul ann agus bhí cuid de na buachaillí breá bogaithe, ach i ndáiríre ní rabhamar chomh holec sin. Ach bhí na freastalaithe chomh drochmhúinte linn. Chaitheadar go holec linn i ndáiríre. Thógadar na horduithe míchearta chomh maith. Ní rabhamar pioc sásta. Ní raibh aon atmaisféar san áit ach an oiread.
- Clár: An raibh an bia go maith ar a laghad?
- Ciara: Bhí an tseirbhís ar fad chomh holec sin go rabhamar ag fanacht tamall ana-fhada don bhiaia, agus bhí sé fuar nuair a tháinig sé. Ach é sin ráite, bhí an bia go deas, is é an trua go raibh sé fuar nuair a tháinig sé ar deireadh.
- Clár: A Dhia, tá sé sin go hainnis. Tá súil agam nach raibh sé ródhaor anuas air sin?
- Ciara: Ní raibh, buíochas mór le Dia. Chosain sé €30 an duine agus bhí an-chuid fíona mar chuid de sin.